
View in browser

09 Nollaig 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 77





## AN SPIDÉAL FAOI SHOILSE

Ar an Domhnach 5ú Nollaig lasadh Soilse na Nollag sa Spidéal. Bhí slua mór bailithe sa sráidbhaile don ócáid. Tháinig Daidí na Nollag é féin ar an láthair agus ba é a bhrúigh an cnaipe leis an sráidbhaile a lasadh. Bhí Banna Céilí Loch Lurgan ann le ceol breá bríomhar a choinneáil leis an slua. Bhí an cór áitiúil i láthair freisin le roinnt amhrán Nollag a chasadh. Bailíodh thart ar €11,000 le haghaidh na soilsí a cheannach agus a chrochadh agus thug an Fóram Pleanála Teanga urraíocht leis an gcomharthaíocht a dhéanamh. Tá súil ag an lucht gnó sa sráidbhaile go spreagfaidh na soilsí daoine le siopadóireacht na Nollag a dhéanamh i gceantar an Spidéil.




## FOLÚNTAIS AG AN BPRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag earcú faoi láthair, agus iad sa tóir ar áiritheoirí le cúnamh a thabhairt le daonáireamh 2022. Conradh 10 seachtaine a bheadh ann ag tosú ar an 28ú Feabhra go dtí 6ú Bealtaine 2022. Tá na huaireanta solúbtha, go háirithe san oíche agus i rith na deireadh seachtaine, ach 22 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine atá i gceist. Tá sé tábhachtach go mbeidh na hiarrthóirí compordach agus muiníneach a bheith ag plé leis an bpobal agus ag cloí le spriocdhátaí. Is féidir níos mó eolais a fháil anseo. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 10ú Nollaig.

## BONN AIRGEAD DO CHLUB IOMÁNAÍOCHTA BHEARNA NA FORBACHA

Comhghairdeachas ó chroí le Club Iománaíochta Bhearna na Forbacha a bhuaigh Bonn Airgead i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonnacha le gairid. Tugann an scéim seo aitheantas agus tacaíocht do úsáid na Gaeilge i gclubanna spóirt ar fud na tíre. Leagann an fhondúireacht spriocanna agus aidhmeanna amach do chlubanna le tús áite a thabhairt don Ghaeilge iontu. Ciallaíonn bonn arigead go bhfuil 50% de spriocanna na fondúireachta comhlíonta ag Club Iománaíochta Bearna Na Forbacha anois. Nuair a éiríonn leis an gclub 80% de na spriocanna a bhaint amach, bronnfar bonn óir orthu. Tá éacht mór bainte amach ag an gclub, agus tá obair na gcapall déanta ag an bhFochoiste - Murt Ó Cualáin, Tomás ó Siochán, Tadhg ó Cualáin agus Jamie ó Coincheanainn le tamall anuas leis an éacht iontach seo a bhaint amach. Bronnfar an Bonn Airgead ar an gclub i bPáirc an Chrócaigh sa bhliain nua. Maith sibh a chairde!





## FOLÚNTAS LE BÁD FARANTÓIREACHTA OILEÁIN ÁRANN

Tá Bád Farantóireachta Oileáin Árann sa tóir ar dhuine díograiseach le bheith mar chuid dá bhfoireann. Is i Ros a' Mhíl, i gConamara, Co. na Gaillimhe a bheidh an té lonnaithe. Beidh sé de dhualgas ar an té a cheapfar fáilte a chur roimh chustaiméirí agus iad ag taisteal chuig Oileáin Árann. Ní mór go mbeadh scileanna láidre cumarsáide agus eagrúcháin ag iarrthóirí chomh maith le bheith in ann plé le hualaí oibre go héifeachtach. Ní mór dea-scileanna agus taithí díolacháin a bheith ag iarrthóirí freisin. Is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta mar sin, ní mór go mbeadh Gaeilge láidir ag iarrthóirí - idir scríobh agus labhairt na teanga. Is féidir níos mó eolais a fháil anseo.

## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh Club Leabhar Chois Fharraige ag teacht le chéile ar an gCéadaoin 15ú Nollaig i dTigh Mholly leis an úrscéal "Rún an Bhonnáin" le Prionsias Mac an Bhaird a phlé. Sár-leabhar atá ann faoi dhúnmharfóir srathach ag an Oireachtas. Tá an leabhar ar fáil i siopa Cló Iar-Chonnacht sa Spidéal. Bígí ag léamh! Is féidir teagmháil a dhéanamh le clubleabharcf@gmail.com le níos mó eolais a fháil.




## RANGANNA LE TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Cuirfear tús leis an dara téarma de Ranganna Thuismitheoirí na Gaeltachta an tseachtain dár tús 10ú Eanáir 2022. Beidh meascán de ranganna ceoil, amhránaíochta agus damhsa ar an sean nós á reáchtáil in Ionad Splanc ar an gCeathrú Rua. Cloífear le srianta COVID ó thaobh sláinte poiblí de, agus leanfar leis na ranganna seo ar an gcóras *Zoom* má tá gá leis. Is féidir tuilleadh eolais a fháil nó clárú do na ranganna ach teagmháil a dhéanamh le @ aisling@tuismtheoiri.ie

## STUIF NA NOLLAG

Tá rímead orainn **Stuif na Nollag** a reáchtáil arís i mbliana – feachtas a thugann deis dúinn tús áite a thabhairt do mhuintir gnó Chois Fharraige agus an Nollaig ag teannadh linn. Idir seo agus an Nollaig, beidh pictiúir, colláisí agus físeáin á fhoilsiú againn ar na meáin shóisialta agus anseo i *Scéal, Scéal, Scéal...* Tabharfaidh na híomhánna agus na físeáin seo léargas iontach ar na seirbhísí agus táirgí áille atá ar fáil ar fud, fad Chois Fharraige. Chomh maith le sin, beidh deis ag an bpobal duaiseanna a bhuachan ach 'grá', 'roinn' nó 'tagairt' a thabhairt do na físeáin ar ár gcuntas Facebook.




## AN SPAILPÍN FÁNACH

Le tús a chur le sraith na bliana seo, tá **An Spailpín Fánach** le raon leathan t-léinte, geansaithe, seaicéid - do dhaoine fásta, do phaistí agus do leanaí - cártaí, leabhair agus táirgí eile ar fáil sa siopa i gCeardlann an Spidéil. In ainneoin na paindéime, léirigh an fhoireann cruthaitheacht agus fiontraíocht den scoth anuraidh nuair a thóg siad an cinneadh tabhairt faoi mhascanna áille a dhearadh agus a dhíol ag an siopa agus ar líne. Is féidir an raon leathan atá ar fáil ann a fheiceáil anseo, ar a gcuntas Facebook @ An Spailpín Fánach nó is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag 091 553 343.







## ANDREA ROSSI

Tá stiúideo Andrea Rossi lonnaithe i gCeardlann an Spidéil. Baineann Andrea úsáid as ábhar traidisiúnta agus meáin éagsúla ina saothar. Taitníonn sé le Andrea an Ghaeilge a úsáid go feiceálach san ealaín mar nóta buíochais don phobal Gaeltachta as fáilte a chur roimpi agus a clann ón mBrasaíl.

Ta raon leathan ar fáil ó shiopa Andrea – péinteáil, maisiúcháin Nollag, páipéar Nollag, coinnle, féilirí, leabharmharcanna, ornáidí agus go leor eile nach iad. Tá na táirgí uilig lámhdhéanta agus deartha ag Andrea. Is féidir teacht ar ealaín Andrea anseo nó ag an gceardlann sa Spidéal.




## SIOPA AN PHOBAIL

Réitigh Siopa an Phobail, in Indreabhán, físeán álainn dúinn mar chuid den bhfeachtas i mbliana le léargas a thabhairt ar na táirgí áille atá acu don Nollaig. San áireamh tá málaí Nollag






álainn ó Thuismitheoirí na Gaeltachta chomh maith le raon leathan ciseán – feiliúnach do fhir agus do mhná idir óg agus aosta. Is féidir leis an bhfoireann ciseán a dhéanamh suas ar ordú freisin. Is féidir do thurcaí a ordú don Nollaig ag Siopa an Phobail chomh maith ach teagmháil a dhéanamh le Pádraic nó Máirtín ag cuntar an bhúistéara. Is féidir breathnú ar an bhfíseán ar chuntas Facebook an Fhóraim anseo.

## POTA CAIFÉ

Tá POTA Caifé lonnaithe i mBaile na hAbhann. Baineann an t-úinéir agus cócaire, Diarmuid Ó Mathúna, úsáid as táirgí áitiúla ar a bhiachlár iontach. Faoi láthair, is féidir bricfeasta a fháil ag POTA ó 10-4i.n. agus tairgtear lón ó 12-4. Chomh maith le sin, is féidir ciseáin agus boscaí milse blasta a fháil ón gcaifé freisin – lán go béal le táirgí áitiúla. Tá na sonraí maidir leis na táirgí uilig atá ar fáil le feiceáil anseo, chomh maith leis an mbiachlár agus eolas cúlra faoin gcaifé.







## FOLÚNTAS LE TG4

Tá TG4 sa tóir ar rúnaí/fáilteoir faoi láthair. Beidh an té a éiríonn leo lonnaithe sa gCeanncháras i mBaile na hAbhann. Tá sé tábhachtach go bhfuil na hiarrthóirí in ann oibriú go muiníneach agus go héifeachtach astu féin, i dtimpeallacht

spreagúil. Ní mór go mbeadh ardscileanna cumarsáide ag iarrthóirí, chomh maith le teacht i láthair taitneamhach agus taithí chruthaithe i ról den chineál céanna. Beidh an rúnaí/fáilteoir freagrach as dualgais ghinearálta riaracháin, as tacaíocht a chur ar fáil ar fud rannóga na heagraíochta chomh maith le fáilte a chur roimh chuairteoirí, chustaiméirí agus aíonna. Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is 4i.n. Dé Céadaoin an 15ú Nollaig an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig

## POLATHOLLÁN CURTHA SUAS AG COLÁISTE CHOLMCILLE

Bhí an idirbhliain agus Ardteistiméireacht Fheidhmeach na scoile gnóthach le cúpla seachtain ag obair ar an bpolathollán. Iarscoláire de chuid na scoile Pat Ó Céidigh, fear de bhunadh Leitir Calaidh a d'oibrigh ar an togra leis na daltaí. Roinn Pat a chuid saineolais leis na daltaí agus mhínigh sé gach céim go soiléir dóibh. Ar ndóigh, tá neart cleachtaidh ag an gCéideach ar chúrsaí garraíodóireachta de bharr go bhfásann sé a chuid glasraí agus torthaí fhéin. Roghnaigh siad áit fheiliúnach don pholathollán sular ullmhaigh siad an fráma. Chart siad poill ionas go mbeadh siad in ann an fráma a chur sa talamh. Chuir siad stroighin sna poill ionas go mbeadh an fráma láidir agus sábháilte i gcomhair na haimsire. Roghnaigh siad lá ciúin chun an plaisteach a chur air ionas go mbeadh siad in ann é a chur i bhfostú go daingean. Tá súil acu roinnt iomairí glasraí a chur sa bhliain nua faoi stiúir Phat.







Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailerlite